An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

# Ciste na gCuntas Díomhaoin
# Scéim Eisíocaíochta 2020-2022

ciste na
gcuntas díomhaoin
the dormant
accounts fund

## Clár


Cuid 1: Réamhrá....................................................................................................4

Cuid 2: Freagrachtaí an Aire..........................................................................................5

Cuid 3: Cuspóirí agus Straitéisí na Scéime Eisíocaíochta .............................................6

Aguisín: Próisis Eile Iarratais trí Chiste na gCuntas Díomhaoin .................................10

## Cuid 1: Réamhrá

Cuirtear creat ar fáil leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001, in éineacht leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003 chun cuntais neamhéilithe i bhforais chreidmheasa (i.e. bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) a riar chomh maith le polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais.

An príomhchuspóir atá leis an reachtaíocht sealbhóirí cuntais nó polasaithe a chur ar an eolas arís maidir lena gcuid cistí i bhforais chreidmheasa nó a ngnóthais árachais. Chuige sin, éilítear ar na comhlachtaí sin céimeanna a ghlacadh chun úinéirí cuntas díomhaoin agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Déanann an foras sealbhaíochta lena mbaineann cistí díomhaoine/polasaithe árachais neamhéilithe nach bhfuil éilithe ar ais ag sealbhóir bunaidh an chuntais/an pholasaí, ná ag a gcuid tairbhithe, a aistriú gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin atá á bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Déantar an t-airgead a aistriú ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe ag an úinéir tairbhiúil an mhaoin a éileamh ar ais am ar bith sa todhchaí.

Tugadh isteach scéim faoin reachtaíocht freisin, áfach, chun cistí, ar dóigh ina leith nach n-éileofar ar ais iad, a íoc amach. Ní féidir na cistí seo, ar dóigh ina leith nach n-éileofar ar ais iad, a úsáid ach chun críocha clár agus tionscadal a chuideoidh le:

- forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach,
- forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó;
- daoine faoi mhíchumas.

Bunaíodh leis an reachtaíocht creat riaracháin i dtaobh na cistí seo a íoc amach agus is cuid den chreat sin í an scéim eisíocaíochta seo. Ó mhí Iúil 2017, is ar an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail atá an fhreagracht cistí a íoc amach as Ciste na gCuntas Díomhaoin.

## Cuid 2: Freagrachtaí an Aire

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den chreat riaracháin arna bhunú laistigh de na hAchtanna:

(i) scéim eisíocaíochta lena ceadú ag an Rialtas

(ii) pleananna gníomhaíochta chun éifeacht a thabhairt don scéim eisíocaíochta, agus

(iii) tuarascálacha bliantúla le cur faoi bhráid an Rialtais agus lena bhfoilsiú.

Luaitear sa reachtaíocht go sonrófar sa scéim eisíocaíochta (i) "*na cuspóirí atá le baint amach ó eisíocaíochtaí a dhéanamh as an gcuntas*", agus (ii) "*na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach".* Bhain an scéim eisíocaíochta roimhe seo leis an tréimhse 2017-2019, agus baineann an scéim eisíocaíochta seo leis an tréimhse 2020-2022.

Ní mór don Aire Pleananna Gníomhaíochta (gach bliain ar a laghad) a ullmhú chun éifeacht a thabhairt don scéim eisíocaíochta seo. Aithnítear sna Pleananna Gníomhaíochta na tionscadail agus cláir ar leith atá le maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Aithníonn gach Aire/Roinn iomchuí tograí atá oiriúnach. Déanann an tAire measúnú orthu agus glactar cinneadh i leith na dtograí sin atá le maoiniú. Tugann an Rialtas an Plean Gníomhaíochta ar aird, cuirtear faoi bhráid Thithe na Oireachtais é agus foilsítear é.

Maidir le Pleananna Gníomhaíochta, ní mór a thabhairt ar aird, ó tharla gur gach bliain a ullmhaítear iad de ghnáth, go mbaineann siad le maoiniú do bhlianta i ndiaidh bhliain an phlean féin. Mar shampla, foilsíodh Plean Gníomhaíochta 2020 i mí na Samhna 2019 agus aithníodh ann den chuid is mó bearta a bhí le maoiniú sa bhliain 2020. Dá bhrí sin ullmhaíodh é i gcomhthéacs Scéim Eisíocaíochta 2017-2019 a bhí i bhfeidhm ag an am. Beidh sin amhlaidh freisin i gcás aon Phlean Gníomhaíochta a ullmhaíodh sa bhliain 2022, ina leagfar amach ann na bearta a bheidh le maoiniú an bhliain/na blianta ina dhiaidh sin.

Ar deireadh, éilítear faoin reachtaíocht go ndéanfaí Tuarascálacha Bliantúla a ullmhú, a chur faoi bhráid an Rialtais agus a fhoilsiú gach bliain.

## Cuid 3: Cuspóirí agus Straitéisí na Scéime Eisíocaíochta

Leagtar amach i scéimeanna eisíocaíochta roimhe seo creata maoinithe sách casta. Chomh maith leis na cuspóirí a leagtar amach sa reachtaíocht, sonraítear i scéim 2017-2019 9 dtreoirphrionsabal, 3 réimse tosaíochta agus 30 straitéis aonair. Léirigh athbhreithniú ar na scéimeanna eisíocaíochta, arna fhoilsiú i mí Iúil 2019, gur cur chuige róchasta a bhí ansin agus go bhféadfadh sin srian a chur ar thionscadail a thiocfadh chun cinn as tosaíochtaí nua beartais.

Chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin, agus i gcomhairle le Ranna Rialtais eile, sonraítear i Scéim Eisíocaíochta 2020-2022 an leibhéal ard cuspóirí agus straitéisí atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse sin. Na Ranna a cheart na réimsí beachta maoinithe a chinneadh nó na cineálacha tionscadail atá molta trí thograí a chur ar aghaidh. Leis sin beifear ábalta dul i ngleic le tosaíochtaí beartais de réir mar a thagann siad chun cinn ach laistigh den chreat ardleibhéil a aithnítear anseo.

Sa chás gur gá measúnú a dhéanamh ar iarratais ar mhaoiniú ó Ranna Rialtais, tabharfaidh an tAire faoin measúnú sin i dtaobh cibé an bhfuil na hiarratais ag teacht leis na cuspóirí agus na straitéisí seo.

**Cuspóirí:**

Beidh na cineálacha tionscadal agus clár a cheadófar faoi Phleananna Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin agus a fhorbrófar sa tréimhse 2020-2022 ag teacht le ceann nó níos mó de na cuspóirí thíos:

> **Cuspóir 1:** Cuidiú le cláir/tionscadail atá leagtha amach chun dul i ngleic le míbhuntáiste eacnamaíoch agus/nó sóisialta.
>
> **Cuspóir 2:** Cuidiú le cláir/tionscadail atá leagtha amach chun dul i ngleic le saincheisteanna (e.g. míbhuntáiste socheacnamaíoch nó eile mar míchumas, deacrachtaí litearthachta, drochshláinte srl) a chuirfeadh cosc ar leanaí agus daoine fásta an tairbhe iomchuí a bhaint as oideachas.
>
> **Cuspóir 3:** Cuidiú le cláir/tionscadail atá leagtha amach chun éifeacht a thabhairt do chuspóir an Rialtais a chinntiú go mbeadh ról níos gníomhaí ag daoine faoi mhíchumas (mar a shainítear san Acht um Stádas Comhionann 2000) sa tsochaí agus a leibhéal neamhspleáchais a mhéadú.

Nuair a bheidh iarratais ar mhaoiniú ó Ranna Rialtais á meas, cinnteoidh an tAire go mbeidh siad ag teacht le ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí thuas chomh maith le cuspóir 4 thíos a bhreithniú.

**Cuspóir 4:** An leas is fearr ó thaobh tionchair a bhaint as an gciste agus a chinntiú go bhfuil tionscadail agus cláir scaipthe go cuí ó thaobh cuspóirí socheacnamaíocha agus tíreolaíochta.

**Straitéisí:**

Éilítear ar an Rialtas faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine go leagfaí amach sa Scéim Eisíocaíochta na straitéisí chun na cuspóirí thuas a bhaint amach. I ndiaidh athbhreithniú le déanaí agus i ndiaidh dul i gcomhairle le Ranna Rialtais eile, is léir gurb iad na Ranna féin is fearr a shocródh na straitéisí sonracha atá le glacadh laistigh dá réimsí beartas féin.

Breithneofar roinnt straitéisí nó prionsabal ginearálta, áfach, ó thaobh Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt le linn na tréimhse atá i gceist, agus measúnú a dhéanamh ar iarratais ar mhaoiniú ó Ranna Rialtais iomchuí.

- **Straitéis 1:** Na tionscadail sin is mó a bhfuil tionchar díreach acu ar dhaoine nó ar phobail faoi mhíbhuntáiste.
- **Straitéis 2:** Féachaint oiread is féidir seirbhísí nó áiseanna ar an talamh a chur ar fáil - lena n-áirítear iad a chur ar fáil tríd grúpaí pobail agus deonacha, nuair is cuí.
- **Straitéis 3:** Féachaint tionchar iomlán an chiste a mhéadú trí mhaoiniú meaitseála a fháil, ó fhoinsí daonchairdiúla mar shampla nó úsáid a bhaint as acmhainní freagrachta sóisialta corparáideacha laistigh den thionscadail nó clár.
- **Straitéis 4:** Oibriú lena chinntiú go bhfuil sraith mhaith tionscadal agus clár nuálach agus nua á maoiniú - ina n-éiríonn go maith le bearta leanúnacha agus go rachaidh ar aghaidh chuig gnáthmhaoiniú Státchsite, más féidir agus má tá níos cuí.
- **Straitéis 5:** Tionchar agus toradh na dtionscadal arna maoiniú ag an gCiste a thomhas agus a léiriú.

Bunaíodh grúpa idir-rannach maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2018 agus oibreoidh an grúpa seo lena chinntiú go ndéantar cláir agus tionscadail a fhorbairt agus a sholáthar de réir na gcuspóirí agus na straitéisí thuas. Beidh gá faisnéis maidir leis an tslí a bhfuil na tionscadail agus na cláir atá molta ag teacht leis na cuspóirí agus straitéisí thuas a chur ar fáil sna hiarratais ar mhaoiniú ó Ranna Rialtais chun na tograí a mheas de réir na scéime seo.

Ba chóir a thabhairt ar aird freisin, sa chás go bhfuil Ranna Rialtais ag baint leas as Ciste na gCuntas Díomhaoin chun glaonna iomaíocha maoinithe eile a reáchtáil nach mór nósanna

imeachta sonracha a leanúint de réir na reachtaíochta a rialaíonn úsáid na gcistí. Tá achoimre orthu sin in Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

**Na Cistí a Riar**

Ar deireadh, maidir le húsáid chuí a bhaint as cistí poiblí, tá gach Roinn Rialtais freagrach maidir lena gcuid tionscadal agus clár féin, arna gceadú in aon Phlean Gníomhaíochta, a riar agus a sholáthar. Ní mór caitheamh le gach airgead as Ciste na gCuntas Díomhaoin ar an tslí cheannann céanna is a chaithfí le hairgead poiblí eile agus, dá réir sin, ní mór maoiniú a thagann ón scéim eisíocaíochta a riar de réir threoirlínte agus nósanna imeachta cuntasaíochta an Rialtais.

## Aguisín: Próisis Eile Iarratais trí Chiste na gCuntas Díomhaoin

Maidir le roinnt beart arna gceadú do mhaoiniú sna Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla, ní mór don Aire/Roinn iarratais a lorg chun airgead ceadaithe a íoc amach i leith tionscadal nó clár aonair. Ceadaítear lear mór airgid do bheart leathan de ghnáth agus a mbíonn deontais bheaga do phobail nó d'eagraíochtaí eile i gceist ina dhiaidh sin.

Luaitear sa reachtaíocht, nuair a shocraíonn Aire iarratais a lorg ar eisíocaíocht mar chuid de bheart sonraithe i bPlean Gníomhaíochta, nach mór dó/di (nó don ghníomhaire seachadta atá ag gníomhú thar a cheann/ceann):

- Fógra a fhoilsiú ag lorg iarratas agus ina leagtar amach na critéir mheasúnaithe, na cineálacha tionscadal nó clár lena mbaineann, an nós imeachta iarratais, na critéir a rialaíonn na cineálacha daoine ar féidir leo iarratas a dhéanamh chomh maith leis an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais;
- Iarratais a mheas de réir na gcritéar measúnaithe;
- Tuarascáil ar thoradh na measúnachtaí a ullmhú ina leagtar amach liosta de na hiarratais a fuarthas, moladh i leith gach ceann díobh, na cúiseanna a bhí leis sin agus an méid atá molta a íoc amach ina leith.

Déanfaidh an tAire ansin:

- Liosta de na hiarratais atá sé/sí a mholadh le hairgead a íoc amach leo agus an méid atá sé/sí a mholadh a íoc;
- An liosta ceadaithe a chur ar aghaidh chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail lena cheadú.

Arna ullmhú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail